

**An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta**

**Dréachtphlean Straitéise**

**2019-2022**

## 1. Réamhrá

Forbraíodh an plean seo de réir fheidhmeanna na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) mar atá leagtha síos in Alt 31 den Acht Oideachais (1998), eadhon, pleanáil agus comhordú soláthar téacsleabhar agus áiseanna foghlama; soláthar seirbhísí taca; seoladh taighde; agus comhairleoireacht don Aire Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Is ar an tuiscint seo a leanas a bhunaítear obair agus cur chuige COGG:

- Is earnáil ar leith í an earnáil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge le sainriachtanais ar leith oideachais agus is aitheantas don choincheap sin Alt 31 den Acht Oideachais (1998) agus bunú na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Tá de cheart ag gach dalta oideachas lán-iomlán, lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a bheith aige/aici, más é sin mian na dtuismitheoirí.
- Tá de cheart ag gach dalta scoile in Éirinn, Gaeilge ar ardchaighdeán a fhoghlaim ó mhúinteoirí atá lán-inniúil ar an nGaeilge agus ar mhúineadh na Gaeilge.

Maidir le feidhmeanna reachtúla na Comhairle, is éard is aidhm leis an bPlean Straitéise seo ná féachaint ar na riachtanais a bhaineann le múineadh trí Ghaeilge agus le múineadh na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge, chomh maith le múineadh na Gaeilge i scoileanna eile na tíre agus plean a leagan amach do sholáthar áiseanna teagaisc agus do sheirbhísí taca do scoileanna; clár taighde a fhorbairt agus cur chuige maidir le comhairle a chur ar fáil dóibh siúd lena mbaineann.

Tugtar san áireamh freisin na freagrachtaí breise atá luaite le COGG sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a seoladh i Samhain 2016.

Chuaigh an Chomhairle reatha i mbun oibre go luath i 2019 agus leagfaidh an plean seo síos obair na Comhairle sin go deireadh 2021. Déanfar monatóireacht agus tuairisciú leanúnach ar an dul chun cinn le linn téarma oifige na Comhairle agus foilseofar tuairiscí bliantúla.

## **2. Comhthéacs**

### **An Eagraíocht**

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i 2002 faoi fhorálacha an Achta Oideachais (1998) (Aguisín 1). Comhlacht daoine seachas comhlacht reachtúil atá inti. Maoiníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna COGG agus tá buiséad faoi leith ag COGG d'fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

Tá 12 comhalta ar an gComhairle. Ceapann an tAire an Cathaoirleach mar chuid de phróiseas oscailte ceapacháin. Ionadaithe eagraíochtaí nó scoileanna iad na baill eile - INTO, ASTI, TUI, Foras na Gaeilge, CCEA, Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, CNCM, Údarás na Gaeltachta (scoileanna agus tuismitheoirí Gaeltachta), Gaeloideachas (tuismitheoirí agus scoileanna lán-Ghaeilge)

### **An Earnáil**

Tá an Ghaeilge á teagasc mar ábhar riachtanach do gach dalta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na tíre (seachas dóibh siúd le díolúine ó theagasc na Gaeilge faoi réir Imlitir18/79).

Líon na scoileanna in Éirinn:

Bunscoileanna 3277

Iar-bhunscoileanna 732

Maidir leis na limistéir Ghaeltachta, teorannacha de réir Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 1956 atá i bhfeidhm faoi láthair, ach beidh athrú air seo mar thoradh ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, áit a n-aithneofar scoileanna Gaeltachta de réir comhlíonadh critéir theanga bhunaithe.

Bunscoileanna Gaeltachta 133

Bunscoileanna lán-Ghaeilge 145

Iar-bhunscoileanna Gaeltachta 29

Iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge 44

## **An comhthéacs polaitiúil**

### **RÁITEAS AN RIALTAIS I LEITH NA GAEILGE 2006:**

**Cuspóir 5:** Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal. Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí maraon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.

**Cuspóir 6:** Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na h-iar-bhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.

**Cuspóir 7:** Leanfar leis an tacaíocht a thugtar don réamhscolaíocht Ghaeilge agus déanfar breis forbartha ar an gcóras oideachais tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge.

### **AN STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAELIGE 2010-2030**

- Beidh príomhról ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i bhfeidhmiú na Straitéise san earnáil oideachais i gcomhar leis na gníomhaireachtaí eile atá ann.
- Cuirfear an fhoireann chúil agus na hacmhainní cúil ar fáil don Chomhairle lena dualgas a chomhlíonadh.
- Neartófar ról COGG mar aitheantas ar an ngá le dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla a bhaineann go sonrach le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di araon, agus le teagasc na Gaeilge i ngach scoil aitheanta.
- Beidh ról lárnach ag COGG ó thaobh comhairle dhíreach a chur ar ghaelscoileanna faoi dheachleachtas i dtaca le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Déanfaidh grúpa ardleibhéil athbhreithniú ar na polasaithe atá ann i láthair na huaire agus déanfaidh siad iniúchadh ar athruithe féideartha, lena n-áirítear forbairt polasaithe nua do scoileanna Gaeltachta agus do

Ghaelscoileanna. Beidh ionadaithe de chuid na bpáirtithe leasmhara ábhartha ar an ngrúpa ardleibhéil, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Oidhreachta, Cultúir agus Gnóthaí Gaeltachta, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta

- Déanfar feidhmeanna féideartha eile do COGG a bhreithniú i gcomhthéacs an phlé sin.
- Déanfar athbhreithniú ar an scéim scoláireachtaí Gaeltachta a fheidhmíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna le súil cur lena héifeachtacht mar Mheicníocht tacaíochta don Ghaeilge;
- Déanfar beart láithreach le dlús a chur le forbairt an ionaid acmhainní Oideachais Ghaeilge i mBaile Bhuirne i gCo. Chorcaí;
- Déanfar forbairt ar aonad sealbhaithe teanga ag an mbunleibhéal i ngach ceann de na trí phríomhréigiún Gaeltachta;
- Déanfar soláthar freisin do dhianchúrsaí samhraidh/tráthnóna do dhaltaí iar-bunscoile sa Ghaeltacht a dteastaíonn breis tacaíochta uathu.
- Beidh sé fós ina pholasáí náisiúnta tumoideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna agus i naíonraí;
- Déanfar athbhreithniú ar an soláthar tumoideachais ag leibhéal na hiar-bhunscoile sna Gaelscoileanna agus sa Ghaeltacht;
- Déanfar scéimeanna a fheidhmíonn an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta chun tacú leis an gcóras oideachais sa Ghaeltacht (amhail tacaíochtaí do chúntóirí Gaeilge agus tacaíochtaí eile i scoileanna Gaeltachta, chomh maith leis an scéim cuairteanna baile ar mhaithe le tacaíocht teanga) a neartú i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- Leanfar de bheith ag tabhairt deise do gach dalta Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta iniúchadh ar na socruithe oiriúnacha don soláthar sin i gcúinsí athraitheacha gach limistéir Ghaeltachta agus cuirfear i bhfeidhm iad; agus
- Déanfar socruithe struchtúrtha cuí, i gcomhthéacs aon athbhreithniú ar struchtúir na gCoistí Gairmoideachais ar bhonn náisiúnta chun soláthar a dhéanamh d'oideachas dara leibhéal lán-Ghaeilge ar fud an Stáit, lena n-áireofar sa Ghaeltacht, agus chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann ar fad i ngaelscoileanna ábalta a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar bhonn laethúil agus go nglacfar le cur chuige comhtháite ó thaobh seirbhísí cúnta,

comhairleacha agus tacaíochta a chur ar fáil do ghaelscoileanna chun go soláthrófar na seirbhísí sin i nGaeilge nuair is féidir.

## **AN POLASÁÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022**

Tá an Polasaí, a d'fhoilsigh An Roinn Oideachais agus Scileanna i nDeireadh Fómhair 2016, ag teacht leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 de chuid an Rialtais agus tá sé ar cheann de thiomantais na Roinne sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016–2019. Is é príomhsprioc an Pholasaí ná a chinntiú go mbíonn fáil ar oideachas ar ardchaighdeán agus ábhartha trí Ghaeilge i scoileanna na Gaeltachta agus, ar an gcaoi sin, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'úsáid na Gaeilge i bpobail na Gaeltachta. Tacaíonn COGG leis an bPolasaí agus tá ról lárnach ag COGG ina feidhmiú.

## **SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA**

### **SPRIOC 1**

Soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú

### **SPRIOC 2**

Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta

### **SPRIOC 3**

Seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge

### **SPRIOC 4**

Taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann an mhír seo

### **SPRIOC 5**

Soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.

### **SPRIOC 6**

Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann—

(a) le múineadh na Gaeilge

(b) le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuracalm do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin, agus

(c) le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta

**SPRIOC 1****Soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú**

<b>Toradh</b>	<b>Chuige sin</b>	<b>Spriocdháta</b>
Forbrófar plean soláthar téacsleabhar agus áiseanna teagaisc eile	Rachfar i bpáirt Foras na Gaeilge/An Gúm agus soláthróirí eile	Earrach 2019
Foilseofar téacsleabhair do Stair, do Thíreolaíocht agus do Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Shóisearaí.	Déanfar conradh le foilsitheoirí a dhéanann tairiscint ráthúil i bpróiseas tairisceana.  Cuirfear aistriúchán de na leabhair ar fáil do na comhlachtaí	Samhradh 2019
Foilseofar forlíonadh do sraith leabhair Mhata na Sraithe Shóisearaí.	Foilseofar an forlíonadh ar-líne.	<b>Earrach 2019</b>
Foilseofar téacsleabhar dara/tríú bliain do shonraíocht T1 na Gaeilge don tSraith Shóisearach	Déanfar údair, dearthóir, lucht taifead fuaime agus físe a choimisiúnú.	<b>Fómhar 2019</b>

<p>Foilseofar mar leabhar pacáiste chéad bliana shonraíocht T1 na Gaeilge don tSraith Shóisearach</p>		<p><b>Fómhar 2019</b></p>
<p>Foilseofar 'An Domhan Beag Seo', sraith don OSIE bunscoile, ranganna Rang a 2 - 6.</p>	<p>Cuirfear aistriúchán ar fáil don chomhlacht foilsitheoireachta</p>	<p><b>Fómhar 2020</b></p>
<p>Leanfar leis an gcomhpháirtíocht le Veritas leis an áis 'I nGrá Dé' a chur ar fáil.</p>	<p>Cuirfear seirbhís eagarthóireachta ar fáil.</p>	<p><b>Fómhar 2020</b></p>
<p>Leanfar leis an gcomhpháirtíocht le CCEA agus An tÁisaonad i dTuaisceart Éireann maidir le háiseanna teagaisc</p>		<p><b>Leanúnach</b></p>
<p>Déanfar monatóireacht leanúnach ar gach tionscadal atá á mhaoiniú ag COGG.</p>	<p>Gheofar tuairiscí scríofa go rialta ar dul chun cinn tionscadail taighde agus gheofar dréachtanna agus réamhshamhlacha d'áiseanna foghlama.</p>	

Déanfar athbhreithniú ar scéimeanna mhaoinithe COGG.	Rachfar i gcomhairle le seirbhís soláthair na Roinne Oideachais agus Scileanna	<b>Márta 2019</b>
--	--	-------------------

## **SPRIOC 2**

**Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta**

Leanfar le cruinnithe rialta le hoifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna.
Leanfar ag obair leis an nGrúpa Ardleibhéal a bunaíodh faoi fhorálacha na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge
Cuirfear comhairle ar fáil nuair a iarrfar é maidir le ceist ar bith a bhainfidh le feidhmeanna reachtúla na Comhairle
Ullmhófar aighneachtaí ar aon cheist a bhainfidh le feidhmeanna reachtúla na Comhairle a chinnfidh na comhaltaí gur cheart moltaí agus dearcadh na Comhairle a bheith san áireamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Glacfar páirt, nuair is cuí, i bpróisis chomhairliúcháin phoiblí faoi ábhar a bhainfidh le feidhmeanna reachtúla na Comhairle

### SPRIOC 3

#### Seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge

Tacófar le Polasaí don Oideachas Gaeltachta na Roinne Oideachais agus Scileanna.	Eagrófar an fhorbairt ghairmiúil leanúnach de réir mar a leagtar síos í in Imlitreacha na Roinne Oideachais agus Scileanna	<b>Meán Fómhair 2022</b>
Maidir le seirbhísí taca atá ar fáil trí mheán an Bhéarla, cinnteofar go mbeidh gach seirbhís ar fáil trí mheán na Gaeilge.	Coimeádfar i dteagmháil leanúnach leis na seirbhísí ag meabhrú a ndualgais dóibh agus ag tábú leo seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil.	<b>Leanúnach</b>

<p>Suíomh gréasáin COGG a fhorbairt le bheith mar thairseach eolais le bunachar áiseanna, foilseacháin, nuacht agus eolas eile.</p>	<p>Baileofar eolas go leanúnach agus crochfar ar an suíomh é.</p>	<p><b>Leanúnach</b></p>
<p>Eolas ábhartha faoi áiseanna, forbairt ghairmiúil agus eile a scaipeadh ar an gcóras giolcaireachta</p>		<p><b>Leanúnach</b></p>
<p>Seirbhísí eolais, aistriúcháin agus eagarthóireachta agus eile a chur ar fáil.</p>		<p><b>Leanúnach</b></p>
<p>Sparánachtaí a thairiscint do chéimithe le hábhair faoi leith le hiarchéim san oideachas a dhéanamh trí mheán na Gaeilge</p>	<p>Rachfar i bpáirt le OÉG le céimithe a chur ar an eolas faoi na sparánachtaí.</p>	<p><b>Leanúnach</b></p>
<p>Cúrsaí Gaeilge agus ceardlanna a réachtáil do</p>		

mhúinteoirí.		<b>Leanúnach</b>
An fhorbairt ghairmiúil a sholáthar do scoileanna Gaeltachta mar atá leagtha síos sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta		<b>2022</b>
Líonraí Múinteoirí a fhorbairt mar chuid den Pholasáí don Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta		<b>2022</b>

#### **SPRIOC 4**

**Taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann an mhír seo**

Déanfar monatóireacht ar na tionscadail taighde reatha atá á maoiniú ag COGG, chomh maith le haon tionscadal nua.

Foilseofar ar líne agus ar pháipéar aon tuarascáil taighde a mhaoiníonn COGG

Aithneofar bearnaí i dtaighde reatha mar a bhaineann le hoideachas trí Ghaeilge agus teagasc na Gaeilge

Fógrófar scéim mhaoinithe bhliantúil agus d'fhéadfaí sparánachtaí taighde a bhronnadh mar thoradh ar an bpróiseas seo.

## SPRIOC 5

**Soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.**

<p>Stiúrfar tionscadal le clár teagaisc don Ghaeilge i mbunscoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán a fhorbairt</p>
<p>Tacófar le An Gúm, i gcomhpháirt le CCEA, i bhforbairt áiseanna idirghníomhacha don chlár 'Séideán Sí' agus in oiriúnú Leabhar an Oide don Churaclam Teanga.</p>
<p>Cuirfear áiseanna teagaisc ar fáil le tacú le teagasc na Gaeilge sa tSraith Shóisearach in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge</p>
<p>Glacfar páirt sa chomhairliúchán d'fhorbairt siollabais nua don Ghaeilge sa tSraith Shinsearach</p>
<p>Cuirfear maoiniú ar fáil faoi chóras na dtairiscintí, más cuí, d'áiseanna d'fhoghlaim agus do theagasc na Gaeilge i scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán.</p>

Cuirfear comhairle ar fáil, nuair is cuí, don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge

## **SPRIOC 6**

**Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann—**

**(a) le múineadh na Gaeilge**

**(b) le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuracalm do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin, agus**

**(c) le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta**

Cuirfear comhairle ar fáil, nuair is cuí, don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta Scileanna le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge

Iarrfar ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) córas a chur i bhfeidhm le go mbeidh cruinniú in aghaidh na bliana ag Cathaoirleach agus ionadaithe COGG le Cathaoirleach agus ionadaithe na Comhairle

Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Pléifear clár oibre na CNCM lena chinntiú go bhfuil ionadaithe COGG ar an eolas faoi sheasamh COGG ar gach ábhar.

Forbrófar struchtúr cumarsáide le hionadaí Fhoras na Gaeilge ar bhord na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar mhaithe le plé a bheith ann, nuair is cuí, ar cheisteanna a bhaineann le feidhmeanna reachtúla COGG.

Cuirfear comhairle ar fáil nuair a iarrfar é maidir le ceist ar bith a bhainfidh le feidhmeanna reachtúla COGG

Ullmhófar aighneachtaí ar aon cheist a bhainfidh le feidhmeanna reachtúla COGG a chinnfidh na comhaltaí gur cheart moltaí agus dearcadh COGG a bheith san áireamh ag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Glacfar páirt, nuair is cuí, i bpróisis chomhairliúcháin phoiblí a bhainfidh le feidhmeanna reachtúla na Comhairle.

